



2025/1097

27.5.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1097 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Bealtaine 2025

lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/672 a mhéid a bhaineann le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le ráigeanna den ghalar crúb agus béil san Ungáir agus sa tSlóvaic

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 3463)

(Is iad na téacsanna Gearmáinise, Ungáirise agus Slóvaicise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 259(1), pointe (c), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is galar víreasach tógalach é an galar crúb agus béil a bhíonn ar ainmhithe san ord mamach Artiodactyla agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseachtaí choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.
- (2) I gcás ráig den ghalar crúb agus béil in ainmhithe de speicis liostaithe, tá riosca suntasach ann go leathfadh an galar sin go bunáicthe eile ina bhfuil ainmhithe de speicis liostaithe ar coimeád.
- (3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ⁽²⁾ forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ⁽³⁾. Go háirithe, le hAirteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 déantar foráil maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear an galar crúb agus béil, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall ar na criosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.
- (4) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/672 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ ar bhonn Rialachán (AE) 2016/429, agus leagtar síos leis bearta éigeandála áirithe a bhaineann le ráigeanna den ghalar crúb agus béil i mbunáicthe ina bhfuil bó-ainmhithe ar coimeád san Ungáir, gar don teorainn leis an Ostair, agus sa tSlóvaic, gar don teorainn leis an Ungáir. Go háirithe, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/672 déantar foráil maidir le criosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise a bhunú san Ungáir agus sa tSlóvaic, agus crios faireachais agus criosanna srianta breise san Ostair, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, tar éis na ráigeanna sin, agus nach mór a chuimsiú sna criosanna sin, ar a laghad, na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin. Mar gheall ar dhéine na staide eipidéimeolaíche, déantar foráil ann freisin maidir le srianta áirithe ar ghluaiseachtaí ainmhithe de speicis shoghábhálacha.

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca nach beag ag gabháil leo i ndáil le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/672 ón gCoimisiún an 31 Márta 2025 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le ráigeanna den ghalar crúb agus béil san Ungáir agus sa tSlóvaic agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/613 (IO L, 2025/672, 2.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/672/oj).

- (5) Leasaíodh an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/672 roinnt uaireanta chun athruithe ar an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann leis an ngalar crúb agus béil a chur san áireamh, agus ó rinneadh an leasú deireanach ar an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/827 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾, tá an Coimisiún curtha ar an eolas ag an Ungáir maidir le huainiú chur i bhfeidhm na mbearta a rinneadh mar fhreagairt don dá ráig a dtugadh fógra don Choimisiún fúthu roimhe sin. Dá bhrí sin, an tráthchlár maidir leis na criosanna srianta arna mbunú ag an Ungáir agus ag an tSlóvaic, a chuimsíonn criosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise san Ungáir, agus crios faireachais sa tSlóvaic, agus ré na mbearta is infheidhme iontu, ba cheart an tráthchlár sin a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687. Ina theannta sin, i bhfianaise dhéine agus phráinn na staide eipidéimeolaíche, agus chun leathadh breise an ghalair a mhaolú, tá sé tábhachtach go mbeidh feidhm go fóill ag na bearta a leagtar síos in Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/672, i gcomhréir leis na limistéir agus na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, arna leasú leis an gCinneadh seo.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart imlínite na limistéir a chuimsítear sna criosanna srianta sin san Ungáir agus sa tSlóvaic a shainiú, ó thaobh spáis agus ama de, san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/672, chun leathadh breise an ghalair a chosc, agus chun aon suaitheadh nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc, agus chun aon bhacainn gan údar ar thrádáil ag tríú tíortha a sheachaint. Dá réir sin, ní mór an réigiúnú a thabhairt cothrom le dáta ar leibhéal an Aontais, agus ba cheart na limistéir a shainaithnítear mar chriosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise san Ungáir, agus mar chrios faireachais sa tSlóvaic, a thabhairt cothrom le dáta san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus ba cheart ré na mbearta sin a shocrú, i gcomhar leis na Ballstáit sin.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/672 a leasú dá réir sin.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh (AE) 2025/672.

Airteagal 2

Is chuig an Ungáir, chuig Poblacht na hOstaire agus chuig Poblacht na Slóvaice a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

⁽⁵⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/827 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2025 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/672 a mhéid a bhaineann le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le ráigeanna den ghalar crúb agus béil san Ungáir agus sa tSlóvaic (IO L, 2025/827, 28.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/827/oj).

IARSCRÍBHINN

Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar na ráigeanna deimhnithe:

Tír	Uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh siad infheidhme go dtí
An Ungáir	<u>HU-FMD-2025-00004</u>	Crios cosanta: Those parts of Hungary, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on ETRS89 coordinates Lat. 47.96161, Long. 17.29801.	5.6.2025
		Crios faireachais: Those parts of Hungary, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on ETRS89 coordinates Lat. 47.96161, Long. 17.29801, excluding the areas contained in the protection zone.	5.6.2025
An tSlóvaic	<u>HU-FMD-2025-00004</u>	Crios faireachais: Those parts of Slovakia, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on ETRS89 coordinates Lat. 47.96161, Long. 17.29801.	5.6.2025
An Ungáir	<u>HU-FMD-2025-00005</u>	Crios cosanta: Those parts of Hungary, contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centred on ETRS89 coordinates Lat. 47.565074, Long. 17.331777.	2.6.2025
		Crios faireachais: Those parts of Hungary, contained within a circle of a radius of 10 kilometres, centred on ETRS89 coordinates Lat. 47.565074, Long. 17.331777, excluding the areas contained in the protection zone.	2.6.2025

Criosanna srianta breise:

Tír	Limistéir a bhunaítear mar chrios srianta breise, cuid den chrios srianta, dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a mbeidh siad infheidhme go dtí
An Ungáir	Na limistéir seo a leanas cé is moite de na limistéir a chuimsítear le haon chrios cosanta nó faireachais: — County of Győr-Moson-Sopron, — in the County of Komárom-Esztergom the Districts of Komárom, Tata and Esztergom, — in the County of Vas the administrative territories of Csánig, Nick and Répcelak settlements in the District of Sárvár; and the administrative territories of Csöngé, Kemenesmagasi, Kemenessömjén, Kenyeri, Pápoc, Szergény and Vönöck settlements in the District of Celldömölk, — in the County of Veszprém the District of Pápa.	5.6.2025